**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000101/2018**
**chuig an gComhairle**
Rule 128
**Renate Sommer, Pavel Poc, Mark Demesmaeker, Catherine Bearder, Keith Taylor, Stefan Eck, Julia Reid, Joëlle Mélin**
thar ceann An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: An trádáil neamhdhleathach in ainmhithe coimhdeachta in AE.

Déantar líon suntasach ainmhithe coimhdeachta a thrádáil go neamhdhleathach ar fud na mBallstát gach bliain, go minic de shárú ar reachtaíocht AE maidir le gluaiseacht peataí (Rialachán (AE) Uimh. 576/2013), ar reachtaíocht í atá beartaithe le haghaidh gluaiseacht neamhthráchtála peataí. Ba cheart gluaiseacht tráchtála ainmhithe thar teorainneacha a dhéanamh faoi Threoir 92/65/CEE ón gComhairle.

Bíonn impleachtaí diúltacha ag gáinneáil ainmhithe coimhdeachta ar shláinte an phobail, ar leas ainmhithe agus ar chosaint tomhaltóirí. Tá an gháinneáil ar ainmhithe anois ina príomhfhoinse ioncaim don choireacht eagraithe idirnáisiúnta agus déanann sí difear freisin d’oibriú rianúil mhargadh inmheánach AE trí chaillteanas cánacha agus trí iomaíocht mhíchothrom a chruthú, go háirithe leis an méadú ar ainmhithe coimhdeachta a dhíol ar líne, ar díol é atá rialáilte go holc ar bhonn náisiúnta agus faoi dhlí AE araon Go deimhin, measann roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha go bhféadfadh póraitheoir neamhdhleathach a bhfuil madraí pórúcháin á ndíol aige thar teorainneacha brabús de bhreis agus EUR 100 000 a bheith á dhéanamh aige in aghaidh na bliana.

Sa chomhthéacs sin, chuirfimis fáilte roimh fhreagraí ón gComhairle ar na ceisteanna seo a leanas:

Cad iad na bearta atá á ndéanamh ag an gComhairle faoi láthair chun dul i ngleic le gáinneáil mhídhleathach ar ainmhithe coimhdeachta? Cad atá beartaithe aige a dhéanamh amach anseo? Cad é an amlíne le haghaidh na mbeart sin?

Curtha síos: 17.9.2018
Curtha ar aghaidh: 18.9.2018
Spriocam le haghaidh freagra: 9.10.2018